

# Ár bhFeidhmíocht

## Ag Amharc Siar, Ag Dul Chun Cinn



Comhairle Ceantair  
an Iúir, Mhúrn  
agus an Dúin  
**Newry, Mourne  
and Down**  
District Council







San Acht Rialtais Áitiúil (TÉ) 2014, leagtar amach an dualgas ginearálta maidir le feabhsú do rialtas áitiúil, trína gcuirtear iallach ar chomhairlí ceantair socruithe a chur i bhfeidhm d'fhonn feabhsú leanúnach a áirithiú ar fheidhmiú a gcuid feidhmeanna.

## Ag Amharc Siar Measúnú ar Fheidhmíocht 2020-2021

Gach bliain, éilítear orainn Measúnú ar Fheidhmíocht a fhoilsiú chun a thaispeáint cé acu an ndearnadh nó nach ndearnadh feabhsuithe beartaithe a bhaint amach. Ós rud é nach ndearna an Chomhairle cuspóirí um fheabhsú feidhmíochta a fhoilsiú in 2020-2021, leis an Mheasúnú ar Fheidhmíocht leagtar amach an dul chun cinn i gcoinne 'measúnaithe ratha' reatha laistigh de na nithe a leanas:




- An Plean Corparáideach 2021-23
- An Plean Feabhsaithe Feidhmíochta 2021-22 (lena n-áirítear na táscairí feidhmíochta agus caighdeáin reachtúla)



Rinneadh ár bhfeidhmíocht a rianú i gcoinne spriocanna agus treochtaí socraithe thar am, agus an eochair eolais thíos á húsáid.

<b>Stádas</b>		<b>Treocht</b>	
	Sprioc nó cuspóir bainte amach / ar an chúrsa ceart le bheith bainte amach		Feabhsaíodh feidhmíocht ón bhliain roimhe
	Sprioc nó cuspóir bainte amach i bpáirt/ is dócha go mbainfear amach í/é / faoi réir ag moill		Tá feidhmíocht cosúil leis an bhliain roimhe
	Níor bhaineadh an sprioc nó cuspóir amach / ní dhócha go mbainfear amach í/é		Laghdaíodh feidhmíocht ón bhliain roimhe

# Sracfhéachaint ar Fheidhmíocht

## Léargas ar an bhliain roimhe

Cuspóir um Fheabhsú Feidhmíochta	Dul Chun Cinn	Stádas Treocht
 <p><b>Spreagfaidh muid daoine áitiúla chun saolta sláintiúla agus gníomhacha a bheith acu trí cháilíocht ár bpáirceanna agus ár spásanna oscailte a fheabhsú</b></p>	Laghdú 95.9% ar thinreamh taifeadta ag ionaid fóillíochta na Comhairle	▽
	Laghdú 79% ar líon na rannpháirtithe ar Gach Duine Gníomhach 2020	▽
	Dúirt 91% d'úsáideoirí gur dócha go bhfillfidh siad ar ionaid fóillíochta na Comhairle	☺
	3 thrá 'brait ghoirm' agus 4 pháirc 'brait ghlais	☺
	Tá 84% de chuariteoirí sásta le Páirc an Phointe agus aontaíonn 89% acu go bhfeabhsaíonn an páirc cáilíocht na beatha áitiúla	☺
	Méadú 72.6% ar chuariteanna taifeadta ar cheithre chonair phobail	△
 <p><b>Déanfaidh muid an geilleagar a fhás trí thacú le gnólachtaí áitiúla agus trí phoist nua a chruthú</b></p>	Idir 2018 agus 2019, bhí méadú 14.7% ar chuariteanna thar oíche agus méadú 20.7% ar chaiteachas cuairteoirí	△
	Cuireadh 164 phost nua chun cinn trí ghníomhaíocht tionscanta gnólachtaí	☺
	Tacaíodh le 40 gnólacht fiontair shóisialta agus cruthaíodh 13 phost fiontair shóisialta nua	☺
	Tacaíodh le 327 ngnólacht agus cruthaíodh 47.5 post trí 'Fás IMD', 'Fás Digiteach' agus 'Tairiscint le haghaidh Fáis'	☺
	Ghlac suas le 1,000 gnólacht páirt i gCruinniú Mullaigh Ceannaireachta '#re:Launch' agus ghlac 400 rannpháirtí páirt i Seachtain Fiontraíochta IMD	☺
	Méadú ar líon na ngnólachtaí atá cláraithe le haghaidh CBL nó ÍMAT, ar ráta tionscanta gnólachtaí nua agus ar phoist le haghaidh fostaithe	△
	Méadú 103% ar líon na gcuardaitheoirí post agus ar éilítitheoirí creidmheasa uilíoch dífhostaithe	▽
	Laghdú ar líon na bhfógraí pionóis shocraithe arna n-eisiúint agus arna n-íoc	▽
	Laghdú ar líon na nglantachán pobail lenar dtacaíodh	▽
	Laghdú beag ar ráta na hathchúrsála, go 52.6%	▷

<p><b>Déanfaidh muid glaineacht ár gCeantair a fheabhsú trí dhul i ngleic le caitheamh bruscair, le dumpáil mhídhleathach agus le teagmhais salaithe ag madraí</b></p>	Ceann de na leibhéil is ísle de dhramhaíl a sheoltar chuig líonadh talún ar fud Chomhairlí uile TÉ	😊
	Scór LEAMS (glaineacht sráideanna) de 64 coinnithe agus é rud beag níos lú ná an scór meánach réigiúnach de 65	▶
	Ghlac 60 scoil páirt sa chomórtas póstaer fhéilire	😊
	D'fhreastail 15 scoil ar imeacht fíorúil Faisnéise Éicea-scoileanna do mhúinteoirí	😊
 <p><b>Forbróidh muid cumas na bpobal áitiúil tríd an Scéim Cúnaimh Airgeadais</b></p>	Dámhadh £731k do 377 dtionscadal thar 18 réimse théamacha	△
	Seoladh an Córas Bainistíochta Deontas Leictreonach agus forbraíodh modúl oiliúna ar líne	△
	Rinneadh ionaid fóillíochta an Iúir, an Dúin agus Chill Chaoil a iompú ina moil dáilte bia ar bhonn sealadach idir Márta agus Lúnasa 2020	△
	Seachadadh 18,407 mbeartán bia chuig teaghlaigh leochaileacha agus liostáil 144 eagraíocht dheonacha mar oibrithe deonacha	😊
	Aontaíonn 72% de chónaitheoirí gurb áit é an ceantar áitiúil ina réitíonn daoine ó chúlraí éagsúla go maith le chéile	😊
 <p><b>Déanfaidh muid agaí próiseála iarratais ar phleanáil agus cásanna forfheidhmithe a fheabhsú trí Chlár Feabhsaithe na Seirbhíse Pleanála a chur i bhfeidhm</b></p>	Fuair an Chomhairle an líon is airde d'iarratais ar phleanáil ar fud TÉ, a ndearna sí cinneadh agus faomhadh ina leith	😊
	Feabhsaíodh an t-aga próiseála maidir le hiarratais ar phleanáil áitiúil ó 20.6 seachtain sa tréimhse 2019-20 go 19 seachtain sa tréimhse 2020-21	△
	Feabhsaíodh an t-aga próiseála maidir le mór-iarratais ar phleanáil áitiúil ó 94 sheachtain sa tréimhse 2019-20 go 64.4 seachtain sa tréimhse 2020-21	△
	Méadaíodh céatadán na gcásanna forfheidhmithe a próiseáladh laistigh de 39 seachtain ó 36.2% sa tréimhse 2019-20 go 40.9% sa tréimhse 2020-21	△

\*Níor fhoilsigh Gníomhaireacht Staidrimh agus Taighde TÉ (NISRA) meastacháin turasóireachta 2020 go fóill agus tuairiscítear sonraí turasóireachta 2019 Ceantair Rialtais Áitiúil.

\*\*Is figiúirí sealadacha fós iad na figiúirí um dhramhaíl agus foilseoidh an Roinn Talmhaíochta, Comhshaoil agus Gnóthaí Tuaithe (DEARA) figiúirí bailíochtaí i R3 2021-22.

## Ag Dul Chun Cinn

### Cuspóirí Feabhsaithe Feidhmíochta 2021-22

Gach bliain, éilítear orainn cuspóirí feabhsaithe feidhmíochta a leagan síos le haghaidh na seirbhísí a chuireann muid ar fáil, agus socruithe a bheith i bhfeidhm againn chun na cuspóirí sin a bhaint amach. Leis na cuspóirí sin déantar iarracht tabhairt faoi na saincheistanna is tábhachtaí do dhaoine áitiúla, agus tá na cuspóirí sin:

Nasctha leis an Phlean Pobail, leis an Phlean Corparáideach agus le Pleananna Gnó Stiúirthóireachtaí	✓
Bunaithe ar fhaisnéis atá ann maidir le feidhmíocht	✓
Ag teacht leis an seacht ngné straitéiseach feabhsaithe	✓
Bunaithe ar chomhairliúchán le páirtithe leasmhara agus ar a rannpháirteachas	✓

### Cuspóir 1

Spreagfaidh muid daoine áitiúla chun saolta sláintiúla agus gníomhacha a bheith acu trí cháilíocht ár bpáirceanna agus ár spásanna oscailte a fheabhsú

#### An méid a fheicfidh tú:

- Feabhsuithe ar pháirceanna, ar thránna agus ar spásanna oscailte na Comhairle lena n-áirítear socruithe bainistíochta cuairteoirí éifeachtacha
- Stádas Geopháirce Domhanda EOECA bainte amach do na Beanna Boirche, do Shliabh gCuillinn agus do Loch Cuan
- Cúig bhrat glas agus dhá bhrat glas oidhreachta bainte ag páirceanna na Comhairle
- Trí bhrat gorm bainte ag tránna na Comhairle
- Cúig pháirc súgartha nua/uasghrádaithe agus trí chonair phobail nua

### Cuspóir 2

Déanfaidh muid an geilleagar a fhás trí thacú le gnólachtaí áitiúla agus trí phoist nua a chruthú

#### An méid a fheicfidh tú:

- Tacaíodh le 312 fhiontraí le Plean Gnó faofa agus cuireadh >155 phost chun cinn trí chlár TÉ 'Go For It'
- Tacaíodh le 12 fhiontar sóisialta nuathionscanta agus cruthaíodh 14 phost fiontair shóisialta
- Tacaíodh le 379 ngnólacht agus cruthaíodh 194 phost trí chlár 'Fás IMD', 'Fás Digiteach' agus 'Tairiscint le haghaidh Fáis' agus 'Díolacháin agus Trádáil'
- Baineann an geilleagar sóisialta agus na pobail atá spleách ar iascaireacht tairbhe as infheistíocht isteach agus as fás

### **Cuspóir 3**

Déanfaidh muid glaineacht ár gCeantair a fheabhsú trí dhul i ngleic le caitheamh bruscair, le dumpáil mhídhleathach agus i gcás salú ag madraí

#### **An méid a fheicfidh tú:**

- Méadú ar líon na bhfógraí pionóis shocraithe arna n-eisiúint agus arna n-íoc
- Úinéireacht fhreagrach madraí agus leibhéil laghdaithe de shalú ag madraí, de dhumpáil mhídhleathach agus de chaitheamh bruscair
- Deiseanna feabhsaithe chun caitheamh bruscair, dumpáil mhídhleathach agus salú ag madraí a thuairisciú
- Deiseanna chun páirt a ghlacadh i nglantacháin phobail agus san fheachtas 'Cónaigh anseo, Grá anseo'
- Baineann an Chomhairle spriocanna líonta talún agus athchúrsála amach
- Ceantar níos glaine, níos glaise agus mórtas saoránaigh agus pobail feabhsaithe ann

### **Cuspóir 4**

Forbróidh muid cumas na bpobal áitiúil tríd an Scéim Cúnaimh Airgeadais

#### **An méid a fheicfidh tú:**

- Timpeall £1.2m dáfa do ghrúpaí deonacha agus do phobail áitiúla tríd an Scéim Cúnaimh Airgeadais
- Oiliúint agus tacaíocht fheabhsaithe agus inrochtana agus iarratas á chur isteach ar chúnamh airgeadais
- Tacaítear le grúpaí deonacha agus pobail chun a gcuid cuspóirí a bhaint amach agus tionscadail a chur i gcrích thar raon de théamaí
- Cuirtear ar chumas ionadaithe ón earnáil phobail agus dheonach chun a gcuid tuairimí a chur in iúl agus todhchaí a gceantair féin a mhúnlú
- Acmhainn agus comhtháthú an phobail arna bhfeabhsú ar fud cheantar an Iúir, Mhúrn agus an Dúin

### **Cuspóir 5**

Déanfaidh muid tréimhse phróiseála iarratas ar phleanáil agus cásanna forfheidhmithe a fheabhsú trí Chlár Feabhsaithe na Seirbhíse Pleanála a chur i bhfeidhm

#### **An méid a fheicfidh tú:**

- Seirbhís pleanála níos éifeachtúla agus níos éifeachtaí
- Tréimhse phróiseála feabhsaithe maidir le hiarratais ar phleanáil áitiúil agus ar phleanáil mhór
- Tréimhse phróiseála feabhsaithe maidir le cásanna forfheidhmithe pleanála
- Laghdú ar líon na n-iarratas beo ar phleanáil agus ar chásanna forfheidhmithe sa chóras

- Lucht saothair atá cumhachtaithe agus spreagtha
- Muinín mhéadaithe sa chóras Pleanála
- Forbairt agus athnuachan inbhuanaithe an Cheantair

## Do Dheis Labhartha

Cuireann muid fáilte roimh do chuid aiseolais agus do mholtaí maidir le conas seirbhísí na Comhairle a fheabhsú sa todhchaí. Tá cóipeanna iomlána de na doiciméid a leanas ar fáil le híoslódáil ónár láithreán gréasáin [www.newrymournedown.org](http://www.newrymournedown.org) mar a leanas:

- **Plean Feabhsaithe Feidhmíochta 2021-22**
- **Measúnú ar Fheidhmíocht 2020-21**

Tá an doiciméad seo ar fáil i bhformáidí malartacha ar iarratas.

Le haghaidh faisnéis bhreise, déan teagmháil le:  
Feidhmíocht agus Feabhsú  
Comhairle Ceantair an Iúir, Mhúrn agus an Dúin  
Teach Uí hAodhagáin  
Rae Mhuineacháin  
An tIúr  
Contae an Dúin  
BT35 8DJ

Teileafón: 0300 013 2233 / Ríomhphost: [performance@nmandd.org](mailto:performance@nmandd.org)